# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

**SCRÚDÚ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH, 2007**

---

**GAEILGE – ARDLEIBHÉAL – PÁIPÉAR 1**
**(100 marc)**

---

**DÉARDAOIN, 7 MEITHEAMH – TRÁTHNÓNA, 2.15 go dtí 3.45**

---

## ROINN I – SCRÍOBH NA TEANGA [70 marc]

**Ceist 1.** Freagair do rogha **ceann amháin** de **A, B, C, D** anseo thíos. **(50 marc)**
(**Ní gá níos mó ná leathanach go leith a scríobh**.)

**A. AISTE**

Scríobh aiste ar do rogha **ceann amháin** de na hábhair seo:

(i) Is breá an rud é a bheith óg sa lá atá inniu ann.
(ii) Oideachas – an tábhacht a bhaineann leis i saol an duine.
(iii) Nuair a cheannaigh mé iPod nua le déanaí.

**B. SCÉAL / EACHTRA**

Freagair do rogha **ceann amháin** díobh seo:

(i) Ceap scéal a mbeadh an giota seo thíos oiriúnach mar thús leis:

‘D'éirigh mé go luath an mhaidin sin. Bhí mé ag tnúth go mór leis an lá a bhí romham amach ...’

(ii) Déan cur síos ar eachtra a tharla nuair a bhí tú féin agus do chara ag siopadóireacht sa chathair.

**C. DÍOSPÓIREACHT / ÓRÁID**

Maidir le do rogha **ceann amháin** de na rúin seo scríobh an chaint a dhéanfá i ndíospóireacht scoile ar son an rúin nó ina aghaidh :-

(i) ‘Is fiú saoire a chaitheamh in Éirinn.’

(ii) ‘Caitear an iomarca airgid ar chúrsaí spóirt.’

**D. ALT (do nuachtán nó d'iris)**

Freagair do rogha **ceann amháin** díobh seo:-

(i) Léigh tú tuairisc san iris idirlín *Beo* ( www.beo.ie ) faoi mhí-iompar daoine óga.
Scríobh an t-alt a chuirfeá chuig eagarthóir na hirise sin faoin ábhar sin.

(ii) Tá monarcha ceimiceán le hoscailt i do cheantar go luath. Tá an iris, *An Timpeallacht*, ag lorg tuairimí faoi seo ó dhaoine óga. Scríobh **an t-alt** a chuirfeá chuig an eagarthóir faoin ábhar sin.



THALL →

**Ceist 2.** Freagair **A** nó **B** anseo. **(Ní gá níos mó ná leathleathanach a scríobh.)**

**A.** Ba mhaith leat fanacht thar oíche i dteach do chara ach níl do thuismitheoirí sásta leis seo. Scríobh **an comhrá** a bheadh agat le duine de do thuismitheoirí mar gheall air seo.

**B.** Tháinig pearsa cháiliúil go dtí do scoil le déanaí. Chuir tú agallamh air/uirthi i gcomhair iris na scoile. Rinne tú taifeadadh ar an agallamh. Scríobh an **t-agallamh** a bhí ar an taifeadán agat.

## ROINN II – LÉAMHTHUISCINT (SLIOCHT LEANÚNACH) [30 marc]

Léigh an píosa iriseoireachta seo (bunaithe ar alt in www.beo.ie ) agus freagair na ceisteanna a ghabhann leis. [*Bíodh na freagraí i d'fhocail féin, chomh fada agus is féidir leat.*]

### Ar Mhuin Na Muice

**1.** Ealaíontóir óg a bhfuil gealladh faoi na laethanta seo is ea Mark Kavanagh, nó Rasher mar is fearr aithne air. Tá spéis léirithe ina shaothar ar fud an domhain agus pictiúir leis ceannaithe ag leithéidí Tom Cruise, Colin Farrell agus an Banphrionsa Haya ón Iordáin.

**2.** Anuraidh bhí taispeántas dá chuid ealaíne i dteach ósta cáiliúil, Le Chateau Marmont, in Los Angeles. Faoi láthair tá sé ag ullmhú do thaispeántas i Nua-Eabhrac. Sa bhliain 2002 dhear sé na cártaí Nollag don tionscadal 'Páistí Chernobyl' agus sa bhliain 2004 fuair sé coimisiún ón gcomhlacht Jameson.

**3.** Rugadh Rasher i mBré i gCo Chill Mhantáin. Tar éis na hArdteistiméireachta, theip air áit a fháil i gcoláiste ealaíon. Bhí díomá air ach níor chaill sé misneach mar bhí a chroí san ealaín agus luigh sé isteach uirthi le fuinneamh agus le díograis.

**4.** Bhí tuismitheoirí tuisceanacha ag Rasher agus thug siad tacaíocht dó. Lig siad dó a sheomra leapa a úsáid mar stiúideo. Bhíodh sé ag péinteáil ó dhubh go dubh. Shiúil sé ó dhánlann go dánlann lena fhillteán pictiúr faoina ascaill. Cuireadh ó dhoras go minic é ach d'fhill sé orthu arís is arís eile.




**Rasher le hAli Hewson, ag seoladh na gcártaí Nollag don tionscadal 'Páistí Chernobyl'**

**5.** Sna blianta tosaigh ba mhinic obair pháirtaimseartha ar siúl ag Rasher. Níodh sé urláir ollmhargaidh istoíche agus leagadh sé tíleanna i rith an lae. Tá na laethanta sin thart anois mar is ealaíontóir gairmiúil é a bhfuil gnó rafar idir lámha aige. Níl aon dabht faoi ná go bhfuil Rasher ar mhuin na muice.

**Ceisteanna (iad ar cómharc)**

**(i)** (a) Cén tslí bheatha atá ag Rasher?
(b) Ainmnigh beirt a cheannaigh pictiúir dá chuid.



**(ii)** (a) Cad a tharla sa bhliain 2004?
(b) Cén fáth go raibh díomá ar Rasher tar éis na hArdteistiméireachta?



**(iii)** (a) Cén tacaíocht a thug a thuismitheoirí do Rasher?
(b) Conas ar luigh Rasher isteach ar an ealaín le fuinneamh agus le díograis?

**(iv)** Luaigh **dhá shampla** den obair pháirtaimseartha a rinne Rasher.

**(v)** An dóigh leat go bhfuil teideal an phíosa '**Ar Muin Na Muice**' oiriúnach mar theideal? Tabhair **dhá fháth** réasúnta le do thuairim.

DON SCRÚDAITHEOIR

| SCRÚDUIMHIR | | Iomlán na Marcanna | |
|---|---|---|---|

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

## SCRÚDÚ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH, 2007

## GAEILGE (ARDLEIBHÉAL)

## CLUASTUISCINT (100 marc)

**DÉARDAOIN, 7 MEITHEAMH – TRÁTHNÓNA 1.30 go dtí 2.00**

| DON SCRÚDAITHEOIR | | | | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| CUID | A | | | B | | | C | | | D | | | |
| CEIST | 1 | 2 | 3 | 1 | 2 | 3 | 1 | 2 | 3 | 1 | 2 | 3 | IOMLÁN |
| MARC | | | | | | | | | | | | | |
| | | | | | | | | | | GAEILGE → | | | |
| | | | | | | | | | | Iomlán na Marcanna → | | | |

STAMPA AN IONAID



THALL →

**N.B. NÍ MÓR NA FREAGRAÍ AR FAD A SCRÍOBH AS GAEILGE. (100 marc)**

# CUID A

Cloisfidh tú giota cainte ó gach duine de *thriúr* daoine óga sa chuid seo. Cloisfidh tú gach giota díobh ***trí huaire***. Éist go cúramach leo agus líon isteach an t-eolas atá á lorg sna greillí ag **1, 2** agus **3** thíos.

## 1. An Chéad Chainteoir

| **Ainm** | ***Tomás Ó Sé*** |
|---|---|
| Cá bhfuil Tomás ina chónaí? | |
| Cén aois é Tomás? | |
| Cén caitheamh aimsire is maith leis? | |
| Cá bhfuil Tomás ag dul anois? | |
| Cé a bhuafaidh Craobh na Mumhan, dar le Seán? | |

## 2. An Dara Cainteoir

| **Ainm** | ***Bríd Nic Aoidh*** |
|---|---|
| Cad as do Bhríd? | |
| Breac síos **dhá** phointe eolais i dtaobh a hathar? | **(i)** |
| | **(ii)** |
| Cén fáth a mbíonn a máthair gnóthach sa samhradh? | |
| Cén fáth nach gcuidíonn deartháireacha Bhríd sa teach? | |

## 3. An Tríú Cainteoir

| **Ainm** | ***Aisling Ní Mhainnín*** |
|---|---|
| Cár rugadh Aisling? | |
| Cén aois a bhí sí nuair a tháinig sí go Rath Chairn? | |
| Cén fáth a dtagann uaigneas uirthi uaireanta? | |
| Cén duine a dtéann sí ar cuairt chuici go minic? | |

## CUID B

Cloisfidh tú *trí* fhógra sa chuid seo. Cloisfidh tú gach fógra díobh ***faoi dhó***. Éist go cúramach leo. Beidh sos tar éis gach casaidh chun deis a thabhairt duit na ceisteanna a bhaineann le gach fógra a fhreagairt.

### Fógra a hAon

**1.** Cad a dúirt na Cigirí faoi (i) Na Daltaí agus (ii) Na Múinteoirí?

**(i)** Na Daltaí: ____________________

**(ii)** Na Múinteoirí: ____________________

**2.** Cathain a bheidh Tuairisc na gCigirí ar fáil?

____________________

### Fógra a Dó

**1.** Cén áit a bhfuil duine á lorg?

____________________

**2.** Cad iad na huaireanta oibre atá i gceist?

____________________

**3.** Cén saghas duine atá á lorg san fhógra?

____________________

### Fógra a Trí

**1.** Cá fhad a bheidh an príomhbhóthar dúnta inniu?

____________________

**2.** Cén fáth a mbeidh an bóthar dúnta?

____________________

**3.** Breac síos rud **amháin** a iarrtar ar thiománaithe a dhéanamh.

____________________

## CUID C

Cloisfidh tú *trí cinn* de chomhráite sa chuid seo. Cloisfidh tú gach comhrá díobh ***trí huaire***. Cloisfidh tú an comhrá ó thosach deireadh an chéad uair. Ansin cloisfidh tú é ina dhá mhír. Beidh sos tar éis gach míre díobh chun deis a thabhairt duit an cheist a bhaineann leis an mír sin a fhreagairt. Ina dhiaidh sin cloisfidh tú an comhrá ó thosach deireadh arís.

### Comhrá a hAon

***An Chéad Mhír***

**1.** Conas tá sláinte Mháire anois?

__________________________________________________________

***An Dara Mír***

**2.** Cén fáth ar fhág Seán Éire trí bliana ó shin?

__________________________________________________________

**3.** Luaigh fáth **amháin** nach raibh Seán sásta i Meiriceá?

__________________________________________________________

### Comhrá a Dó

***An Chéad Mhír***

**1.** Cén cuireadh a thugann Liam do Róisín?

__________________________________________________________

**2.** Cén fáth nach bhfuil Róisín sásta dul amach Dé hAoine?

__________________________________________________________

***An Dara Mír***

**3.** Luaigh rud **amháin** faoin socrú a rinne Liam agus Róisín lena chéile.

__________________________________________________________

### Comhrá a Trí

***An Chéad Mhír***

**1.** Cén fáth a raibh Micheál in oifig an Phríomhoide?

__________________________________________________________

***An Dara Mír***

**2.** Cén fáth nach gcreideann an Príomhoide Micheál?

__________________________________________________________

**3.** Cén pionós a chuirfidh an Príomhoide ar Mhicheál mura dtagann feabhas air?

__________________________________________________________

## CUID D

Cloisfidh tú *trí cinn* de phíosaí ón raidió sa chuid seo. Cloisfidh tú gach píosa díobh ***faoi dhó***. Éist go cúramach leo agus freagair na ceisteanna a ghabhann le gach píosa díobh.

### Píosa a hAon

**1.** Cén áit a bhfuil an teach suite?

______________________________________________________________________

**2.** Cén uimhir theileafóin a luadh sa phíosa?

______________________________________________________________________

### Píosa a Dó

**1.** Cén saghas aimsire a bheidh san iarthar anocht?

______________________________________________________________________

**2.** Cathain a bheidh titim mhór sneachta ann?

______________________________________________________________________

### Píosa a Trí

**1.** Cad faoi a mbeidh an Taoiseach ag caint leis na hionadaithe pobail?

______________________________________________________________________

**2.** Cén t-am a rachaidh an t-agallamh leis an Taoiseach amach ar an aer?

______________________________________________________________________